

Eleathanach212

Dé Luain 12 Deireadh Fómhair 2015

Seachtain iontach Spóirt


Bhí seachtain an-ghnóthach spóirt againn. Ar dtús Déardaoin seo caite i mBaile Átha Cliath bhí bua ag foireann sacair Phoblacht na hÉireann. Scóráil Shane Long cúl iontach i gcoinne fhoireann na Gearmáine, curaidh an domhain.

An oíche chéanna d'éirigh le foireann sacair Thuaisceart Éireann áit a bhaint amach ag Craobhchomórtais Sacair na hEorpa.

Ach oíche Dhomhnaigh chaill foireann na Poblachta i gcoinne na Polainne. Caithfidh an tArm Glas dhá chluiche eile a imirt, sa bhaile agus as baile, le háit a bhaint amach sna craobhchomórtais sa Fhrainc.

Dé Domhnaigh ag an gCorn Domhanda Rugbaí i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, bhí foireann rugbaí na hÉireann go hiontach freisin. Bhuaigh siad cluiche mór i gcoinne na Fraince in Cardiff leis an scór 24 - 9. Bhuaigh siad gach cluiche go dtí seo. Ach gortaíodh na laochra móra Paul O'Connell agus Jonathan Sexton. Tá súil againn go mbeidh siad ar ais go luath.

Agus bhí seachtain iontach freisin ag foireann dornálaíochta na hÉireann ag na Craobhchomórtais Dhomhanda sa Chatar. Tá Michael Conlan tríd go dtí an craobh.



Sioráf nua i bhFota i gCorcaigh


Rugadh sioráf óg ar an 21 Meán Fómhair i bpáirc Fota i gCorcaigh. Tá an sioráf 5 through in airde cheana féin.

Tá fadhb amháin leis..... Níl aon ainm roghnaithe go fóill. Ba mhaith le muintir Fota cabhair le hainmneacha a phiocadh.

Cuirigí bhur n-ainmneacha ar chárta agus seolaigí chuig Fota iad!

Ainmnigh an Sioráf!

<http://www.fotawildlife.ie/blog/fota-wildlife-park-need-an-irish-name-for-baby-giraffe>



An scannán Pan

Thainig an scannán *Pan* chuig ár scaileáin ag an deireadh seachtaine. Is scannán eachtrúil é faoi bhuachaill 12 bliain d'aois.

Is dílleachta é agus i ngan fhios dó baineann sé amach an áit dhraíochtúil Neverland. Buaileann sé ansin lena lán spraoi agus dáinséir.

Is é Hugh Jackman an foghláí mara fealltach agus caithfidh Pan Neverland a shábháil. Tá Cara Delevingne agus Amanda Seyfried sa scannán freisin.